Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11227/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0188 (COD)**

**TRANS 461**
**ENV 864**
**FIN 982**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 292 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú na cumhachta gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar cumhacht í a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir 1999/62/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 292 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 292 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.6.2026
COM(2026) 292 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar cumhacht í a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir 1999/62/CE**

## 1. Réamhrá

Le Treoir 1999/62/CE maidir le muirir a ghearradh i leith feithiclí as úsáid bonneagair bóithre([1]) , arna leasú go deireanach le Treoir (AE) 2025/2459([2]) (dá ngairtear 'an Treoir' anseo feasta), rialaítear forchur muirear bóthair san Aontas. Leis an Treoir, cuirtear chun feidhme na prionsabail 'íoc mar a úsáidtear' agus 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' san iompar de bhóthar.

Leis an Treoir, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcásanna áirithe ar feadh tréimhse 5 bliana ón 24 Márta 2022. Ceanglaítear leis an Treoir go ndéanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas ina leith sin tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana.

De bhun Airteagal 9d den Treoir, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na hIarscríbhinní seo a leanas a leasú, chun a áirithiú go mbeidh siad ag teacht leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil:

- Iarscríbhinn 0, lena sainítear teorainneacha astaíochtaí le haghaidh aicmí Euro,
- na foirmlí i bpointí 4.1 agus 4.2 d'Iarscríbhinn IIIa, maidir leis na híoscheanglais i ndáil le muirear costas seachtrach a shocrú i dtaobh truailliú aeir agus truailliú torainn,
- na méideanna a léirítear sna Táblaí in Iarscríbhinní IIIb agus IIIc, lena leagtar síos luachanna tagartha i ndáil leis na muirir costas seachtrach i dtaobh truailliú aeir agus torainn agus i dtaobh astaíochtaí CO2.

De bhun Airteagal 7cb(4) den Treoir, ní mór don Choimisiún, in imthosca áirithe, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh freisin chun Iarscríbhinn IIIc a ghabhann leis an Treoir a leasú i leith luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach i dtaobh astaíochtaí $CO_2$, agus an praghas éifeachtach carbóin a chuirtear i bhfeidhm ar bhreoslaí iompair de bhóthar san Aontas á chur san áireamh. I ndáil leis sin, le hAirteagal 7cb(4) den Treoir ceanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, faoin 25 Márta 2027, ar chur chun feidhme agus éifeachtacht an mhuirearaithe costas seachtrach i dtaobh astaíochtaí $CO_2$, agus ar a chomhleanúnachas le Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas([3]) agus le Treoir 2003/96/CE ón gComhairle([4]), agus, de réir an mheasúnaithe sin, togra reachtach a thíolacadh, i gcás inarb iomchuí, chun an tAirteagal seo a

---

([1]) Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir a ghearradh i leith feithiclí as úsáid bonneagair bóithre (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1999/62/oj).

([2]) Treoir (AE) 2025/2459 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 lena leasaítear Treoir 1999/62/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse inar féidir le feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha tairbhiú de rátaí muirear bonneagair nó úsáideora atá laghdaithe go suntasach nó de dhíolúintí ó na muirir sin a íoc (IO L, 2025/2459, 4.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/2459/oj).

([3]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

([4]) Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96/oj).

leasú. I gcomhréir leis an bhforáil chéanna, mura ndéanfar Airteagal 7cb den Treoir a leasú faoin 1 Eanáir 2027, agus má dhéantar Treoir 2003/87/CE nó Treoir 2003/96/CE a leasú ar bhealach arb é a bheidh mar thoradh air gurb amhlaidh a inmheánófar cuid ar a laghad de chostais sheachtracha na n-astaíochtaí $CO_2$ ón iompar de bhóthar, ní mór don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear Iarscríbhinn IIIc a ghabhann leis an Treoir chun go gcoigeartófar luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach i dtaobh astaíochtaí $CO_2$, agus an praghas éifeachtach carbóin a ghearrtar ar bhreoslaí iompair de bhóthar san Aontas á chur san áireamh. Sonraítear in Airteagal 9d, an dara fomhír, den Treoir nach mór aon leasú den sórt sin a bheith teoranta sa chaoi nach mbeadh i gceist leis ach a áirithiú nach rachadh leibhéal na muirear costas seachtrach i dtaobh astaíochtaí $CO_2$ thar an méid is gá chun costais sheachtracha $CO_2$ ón iompar de bhóthar a inmheánú. I ndáil leis an méid sin, tá staidéar á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar phraghsáil carbóin maidir le dolaí agus muirir ar úsáideoirí, agus is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme agus ar a gcomhleanúnachas le trádáil astaíochtaí agus le cánachas fuinnimh. Tá sé beartaithe an staidéar a chur i gcrích ag deireadh 2026.

Is é Lámhleabhar chostais sheachtracha an iompair de bhóthar bonn eolaíoch agus teicniúil na luachanna sna hIarscríbhinní dá dtagraítear in Airteagal 9d chomh maith le hIarscríbhinní V agus VI. Ní mór a thabhairt faoi deara, i ndáil leis sin, go bhfoilseoidh an Coimisiún nuashonrú ar an Lámhleabhar seo sa dara leath de 2026.

## 2. Bunús dlí na tuarascála

Ceanglaítear an tuarascáil seo faoi Airteagal 9e(2) den Treoir, lena gcuirtear teorainn leis an tarmligean cumhachta chuig an gCoimisiún ar feadh tréimhse 5 bliana ón 24 Márta 2022 agus an fhéidearthacht ann síneadh intuigthe a chur leis ar feadh tréimhse chomfhaid. Cumhdaítear leis an tuarascáil seo an tréimhse ón 24 Márta 2022 go dtí dáta glactha na tuarascála seo.

## 3. Úsáid an tarmligin

An chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar cumhacht í a thugtar don Choimisiún faoi Airteagal 9e(2) den Treoir, níor feidhmíodh go fóill í. Is é an chéad chúis atá leis sin nach smaoineofar ar an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 7cb(4) den Treoir ach amháin sa chás go leasófaí Treoir 2003/87/CE nó Treoir 2003/96/CE ar bhealach arb é a bheadh mar thoradh air gurb amhlaidh a d'inmheánófaí cuid ar a laghad de chostais sheachtracha na n-astaíochtaí $CO_2$ ón iompar de bhóthar, agus nach leasófaí Airteagal 7cb faoin 1 Eanáir 2027. Tá an measúnú sin ar siúl faoi láthair. Is é an dara cúis an easpa dul chun cinn suntasach eolaíoch nó teicniúil a d'fhéadfaí a mheas (i.e. nuashonrú ar an Lámhleabhar),

Tá an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh fós ábhartha, ar an gcéad dul síos, chun a áirithiú go mbeifear in ann na luachanna tagartha a leagtar síos in Iarscríbhinn IIIc a ghabhann leis an Treoir a choigeartú, agus an measúnú atá le déanamh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 7cb(4) den Treoir á chur san áireamh i bhfianaise an leasaithe ar Threoir 2003/87/CE agus chur i bhfeidhm an chórais nua trádála astaíochtaí (CTA2)[5]; agus, ar an dara dul síos, go

[5] Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas,

mbeidh an fhéidearthacht ann i gcónaí Iarscríbhinní áirithe a thabhairt cothrom le dáta chun go mbeidh siad ag teacht leis an an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil is déanaí. Mar a luadh thuas, foilseoidh an Coimisiún nuashonrú ar an Lámhleabhar maidir le costais sheachtracha an iompair de bhóthar sa dara leath de 2026.

## 4. Conclúid

Mar a luaitear i Roinn 3, tá an tarmligean cumhachta chuig an gCoimisiún fós ábhartha maidir le Treoir 1999/62/CE a chur chun feidhme go héifeachtach.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/959/oj).